Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 30 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**10734/23**

**LIMITE**

**CORLX 597**
**CFSP/PESC 873**
**MAMA 85**
**COARM 145**
**CONUN 150**
**FIN 650**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES[1], agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 206, 1.8.2015, lch. 34

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) De bhun Airteagal 17(2) de Chinneadh (CBES) 2015/1333, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Measann an Chomhairle gur cheart na hiontrálacha do bheirt agus eintiteas amháin a scriosadh, agus gur cheart na bearta sriantacha atá dírithe ar gach duine agus gach eintiteas eile atá ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, ba cheart an fhaisnéis aitheantais do dhuine amháin a nuashonrú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

PUBLIC

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, ('Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 8(2)'), leasaítear Cuid A ('Daoine'), mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 9 a bhaineann le HOUEJ, Mohamed Ali:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| '9. | HOUEJ, Mohamad Ali | Aire Geilleagair agus Trádála i Rialtas Aontachta Náisiúnta na Libia<br>Dáta breithe: 1949<br>Áit bhreithe: Al-Azizia (gar do Thripilí) | Aire Tionsclaíochta, Geilleagair agus Trádála i Rialtas an Choirnéil Qadhafi.<br>Dlúthbhaint aige le hiar-réimeas Muammar Qadhafi. | 21.3.2011'; |

(b) scriostar iontráil 13 a bhaineann le MANSOUR, Abdallah;

(2) in Iarscríbhinn IV, ('Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 9(2)'), leasaítear Cuid A ('Daoine'), mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 9 a bhaineann le HOUEJ, Mohamad Ali:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| '9. | HOUEJ, Mohamad Ali | Aire Geilleagair agus Trádála i Rialtas Aontachta Náisiúnta na Libia<br>Dáta breithe: 1949<br>Áit bhreithe: Al-Azizia (gar do Thripilí) | Aire Tionsclaíochta, Geilleagair agus Trádála i Rialtas an Choirnéil Qadhafi.<br>Dlúthbhaint aige le hiar-réimeas Muammar Qadhafi. | 21.3.2011'; |

(b) scriostar iontráil 13 a bhaineann le MANSOUR, Abdallah;

(c) scriostar iontráil 16 a bhaineann le QADHAF AL-DAM, Sayyid Mohammed;

(3) in Iarscríbhinn IV ('Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 9(2)'), Cuid B ('Eintitis'), scriostar iontráil 16 a bhaineann le Baroque Investments Limited.

PUBLIC